2024/1416

21.5.2024

# TREOIR TARMLIGTHE (AE) 2024/1416 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Márta 2024

## lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh caidmiam i bponcanna candamacha íslitheacha a shil-leagtar go díreach ar shliseanna leathsheoltóra LED

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 4(1) de Threoir 2011/65/AE, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh na substaintí guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin i dtrealamh leictreach agus leictreonach a chuirtear ar an margadh. Níl feidhm ag an srian sin maidir le feidhmeanna díolmhaithe áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) Is substaint shrianta é caidmiam a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE. Is é 0,01 % caidmiam de réir meáchain an t-uasluach tiúchana inghlactha in ábhair aonchineálacha.

(3) Le Treoir Tharmligthe (AE) 2017/1975 ([2]), dheonaigh an Coimisiún díolúine maidir le húsáid seiléiníde caidmiam i bponcanna candamacha nanaichriostail leathsheoltóra caidmiam-bhunaithe íslitheacha lena n-úsáid i bhfeidhmeanna soilsiúcháin taispeána ('an díolúine atá ann faoi láthair'), a liostaítear in iontráil 39(a) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE. Bhí an díolúine le dul in éag an 31 Deireadh Fómhair 2019.

(4) An 29 Meán Fómhair 2017, an 29 Aibreán 2018 agus an 30 Aibreán 2018, fuair an Coimisiún iarratais ar athnuachan na díolúine atá ann faoi láthair ('na hiarratais'), is é sin laistigh den teorainn ama a leagtar síos in Airteagal 5(5) de Threoir 2011/65/AE. I gcomhréir le hAirteagal 5(5), an dara fomhír, de Threoir 2011/65/AE, beidh díolúine bailí go dtí go ndéanfar cinneadh ar an iarratas ar athnuachan.

(5) Sa mheastóireacht ar na hiarratais, cuireadh san áireamh infhaighteacht na n-ionadach agus tionchar socheacnamaíoch an ionadaithe, agus áiríodh sa mheastóireacht sin staidéar measúnaithe theicniúil agus eolaíoch ([3]) agus staidéar leantach ([4]). Áiríodh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara sa mheastóireacht freisin, i gcomhréir le hAirteagal 5(7) de Threoir 2011/65/AE. Cuireadh na barúlacha a fuarthas le linn na gcomhairliúchán sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin tiomnaithe.

(6) Ní dhéantar idirdhealú sa díolúine atá ann faoi láthair idir cumraíochtaí éagsúla maidir leis an gcaoi a leabaítear an t-ábhar caidmiam-bhunaithe sa phonc candamach. Fuarthas amach sa mheastóireacht nach gcomhlíonann feidhmeanna a bhfuil na cumraíochtaí ar an imeall agus ar an dromchla, mar a thugtar orthu, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (a), de Threoir 2011/65/AE. Éilíonn an chumraíocht ar an tslis, mar a thugtar uirthi, an méid is ísle caidmiam agus léiríonn sé leibhéil feidhmíochta níos fearr.

([1]) IO L 174, 1.7.2011, lch. 88.

([2]) Treoir Tharmligthe (AE) 2017/1975 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2017 lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh caidmiam i ndé-óidí astaithe solais (LEDanna) a thiontaíonn dathanna lena n-úsáid i gcórais taispeána (IO L 281, 31.10.2017, lch. 29).

([3]) Assessing three exemption requests for the use of cadmium in quantum dot applications in displays and lighting – Study to support the review of the list of restricted substances and to assess a new exemption request under RoHS (RoHS Pack 15 - Task 5, final) [Measúnú a dhéanamh ar thrí iarraidh ar dhíolúine chun caidmiam a úsáid i bhfeidhmeanna poncanna candamacha i dtaispeáintí agus sa soilsiú – Staidéar chun tacú leis an athbhreithniú ar liosta na substaintí srianta agus chun measúnú a dhéanamh ar iarraidh nua ar dhíolúine nua faoin Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha (Paca i dtaca leis an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha 15 – Tasc 5, críochnaitheach)], Samhain 2020 (https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/afa12b2f-5a0a-11eb-b59f-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-187695217).

([4]) Study to update the information on the use of cadmium in quantum dot applications for displays and lighting under Directive 2011/65/EU, Final Report [Staidéar chun an fhaisnéis faoi úsáid caidmiam i bhfeidhmeanna poncanna candamacha le haghaidh taispeáintí agus an tsoilsiúcháin faoi Threoir 2011/65/AE a thabhairt cothrom le dáta Tuarascáil Chríochnaitheach], Samhain 2022 (https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/ac232efe-76ad-11ed-9887-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-277797051).

(7) Ina theannta sin, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil roghanna malartacha ar theicneolaíocht ‘ar an tslis’ is infheidhme maidir le feidhmeanna soilsiúcháin ar fáil faoi láthair atá iontaofa agus lena mbaintear amach leibhéil feidhmíochta chomhchosúla. I gcás na bhfeidhmeanna sin, thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht nach mbeadh na tairbhí a bhaineann le díolúine níos mó ná na tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol, ar an tsláinte agus ar shábháilteacht an tomhaltóra a bhaineann léi. Dá bhrí sin, ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (a), de Threoir 2011/65/AE i gcás na teicneolaíochta ‘ar an tslis’ is infheidhme maidir le feidhmeanna soilsiúcháin.

(8) Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht freisin go bhfuil go leor roghanna malartacha ar theicneolaíocht ‘ar an tslis’ is infheidhme maidir le feidhmeanna taispeána ar fáil faoi láthair, ach i gcás roinnt teicneolaíochtaí sonracha, amhail micreathaispeántí, nach bhfuil aon rogha mhalartach iontaofa ann faoi láthair. Maidir leis na feidhmeanna taispeána sonracha sin, cé go bhfuil ionadaigh á bhforbairt, comhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (a), an dara fleasc, de Threoir 2011/65/AE, is é sin nach n-áirithítear iontaofacht na n-ionadach.

(9) Ina theannta sin, d’fhéadfadh níos lú caidmiam in aghaidh an ghairis a bheith ina thoradh ar chumraíocht ‘ar an tslis’, go háirithe i gcás taispeántí leachtchriostail, i gcomparáid le cumraíochtaí ‘ar an dromchla’, inar lú ná lú ná 0,01 % de réir meáchain an caidmiam a úsáidtear in ábhar aonchineálach. Mar gheall ar éifeachtúlacht fuinnimh níos mó agus úsáid iomlán caidmiam níos ísle, is mó na tairbhí comhshaoil ná na tionchair dhiúltacha iomlána ar an gcomhshaol, ar an tsláinte agus ar shábháilteacht an tomhaltóra de thoradh caidmiam a ionadú. Le raon feidhme teoranta na díolúine atá á lorg sna hiarratais, i bhfoirm uastiúchan caidmiam in aghaidh an ghairis, d’áiritheofaí go gcuirfí níos lú caidmiam ar an margadh ná mar a chuirtear faoin díolúine atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, comhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (a), an tríú fleasc, de Threoir 2011/65/AE.

(10) Tá an díolúine i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), agus ní lagaítear léi an chosaint don chomhshaol agus don tsláinte a thugtar léi.

(11) Is iomchuí, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú le haghaidh caidmiam i bponcanna candamacha nanaichriostail leathsheoltóra íslitheacha a shil-leagtar go díreach ar shliseanna leathsheoltóra LED lena n-úsáid i bhfeidhmeanna taispeána agus teilgin. Meastar go mbeidh roghanna malartacha ar na feidhmeanna poncanna candamacha caidmiam sin ar fáil faoi dheireadh 2027. Cuirtear san áireamh anseo éifeachtaí dearfacha ar nuálaíochtaí (e.g. an mionadúchán) chomh maith le héifeachtaí diúltacha ar an nuálaíocht (e.g. níos lú dreasachtaí chun roghanna malartacha atá saor ó chaidmiam a fhorbairt). Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainn a chur le fad na díolúine go dtí an dáta sin i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Threoir 2011/65/AE.

(12) Ba cheart dáta éaga a shocrú le haghaidh na díolúine atá ann faoi láthair i gcomhréir le hAirteagal 5(6) de Threoir 2011/65/AE. Chun am leordhóthanach a thabhairt don tionscal agus i bhfianaise slabhraí soláthair domhanda le haghaidh táirgí den sórt sin, is iomchuí an dáta éaga uasta is féidir a shocrú mar atá 18 mí tar éis an chinnidh le haghaidh na díolúine atá ann faoi láthair.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/65/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh 31 Nollaig 2024 agus a fhoilsiú faoin ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ar aghaidh 1 Eanáir 2025.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/65/AE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 39(a):

| | | |
|---|---|---|
| ‘39(a) | Seiléiníd chaidmiam i bponcanna candamacha nanaichriostail leathsheoltóra caidmiam-bhunaithe íslitheacha lena n-úsáid i bhfeidhmeanna soilsiúcháin taispeána (< 0,2 µg Cd in aghaidh an $mm^2$ den limistéar scáileáin taispeána) | Téann in éag le haghaidh gach catagóire an 21 Samhain 2025’ |

(2) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| ‘39(b) | Caidmiam i bponcanna candamacha nanaichriostail leathsheoltóra íslitheacha a shil-leagtar go díreach ar shliseanna leathsheoltóra LED lena n-úsáid i bhfeidhmeanna taispeána agus teilgin (< 5 µg Cd in aghaidh an $mm^2$ de dhromchla slise LED) le huasmhéid 1 mg in aghaidh an ghairis | Téann in éag le haghaidh gach catagóire an 31 Nollaig 2027’ |